**PREASEISIÚINT Uimh. 117/24**
**Lucsamburg, an 29 Iúil 2024**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-202/24 | [Alchaster] [1]

# Barántais ghabhála arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe: Soiléiríonn an Chúirt na coinníollacha ina bhféadfar na barántais sin a fhorghníomhú san Aontas Eorpach

Ó tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, tá forghníomhú barántas gabhála Eorpacha arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe san Aontas á rialú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair (CTC) idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Cinneann an Chúirt nach mór d'údaráis bhreithiúnacha na mBallstát ar a n-iarrtar barántas den sórt sin a fhorghníomhú scrúdú neamhspleách a dhéanamh ar an riosca go ndéanfaí sárú ar an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a mhaíonn an duine lena mbaineann a bheith ann i gcás a thabhairt suas don Ríocht Aontaithe. Tá an sásra um thabhairt suas dá bhforáiltear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair difriúil ón sásra dá bhforáiltear leis an gcinneadh réime maidir le barántais gabhála Eorpacha.

Foráiltear leis an **gComhaontú Trádála agus Comhair** [2] arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe chun a gcaidreamh i ndiaidh Brexit a rialú, go háirithe, do chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla bunaithe ar an sásra um thabhairt suas ar bhonn barántas gabhála.

D'eisigh breitheamh dúiche de Chúirt Dúiche Thuaisceart Éireann (an Ríocht Aontaithe) ceithre bharántas gabhála Eorpacha i gcoinne duine a raibh amhras ina leith go ndearna sé cionta a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht. Ina achomharc os comhair Chúirt Uachtarach na hÉireann, mhaígh an duine lena mbaineann go mbeadh sé ar neamhréir le prionsabal na dlíthiúlachta i ndáil le cionta agus pionóis é a thabhairt suas mar gheall ar leasú mífhabhrach ar na rialacha maidir le scaoileadh saor coinníollach arna nglacadh ag an Ríocht Aontaithe tar éis na gcionta líomhainte atá i gceist a dhéanamh.

Tugann Cúirt Uachtarach na hÉireann dá haire gur chinn Cúirt Uachtarach na Ríochta Aontaithe cheana go bhfuil na rialacha sin i gcomhréir leis an an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (CECD) [3] agus sa chomhthéacs sin, gur dhiúltaigh an chúirt sin d'argóint an duine lena mbaineann maidir le sárú ar CECD. Agus í in amhras an bhféadfaí an chonclúid chéanna a tharraingt i bhfianaise phrionsabal na dlíthiúlachta i ndáil le cionta agus pionóis arna leagan síos sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') [4], chuir sí ceisteanna faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais i ndáil leis sin.

**I mbreithiúnas an lae inniu, soiléiríonn an Chúirt ról an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh de chuid Ballstáit sa chás ina maíonn an duine ar eisíodh barántas gabhála ina leith, bunaithe ar an gComhaontú, go bhfuil riosca ann go sárófaí an prionsabal sin dá dtabharfaí suas é don Ríocht Aontaithe. Sonraíonn an Chúirt nach mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach scrúdú neamhspleách a dhéanamh ar an riosca sin i bhfianaise na Cairte**, fiú má cuireadh an riosca go ndéanfaí CECD a shárú as an áireamh cheana.

Níor cheart don údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála a fhorghníomhú ach amháin, tar éis an fhaisnéis agus na ráthaíochtaí breise a lorg ón údarás breithiúnach eisiúna, má tá fianaise oibiachtúil, iontaofa, beacht agus nuashonraithe go cuí lena léirítear go bhfuil fíor-riosca go gcuirfí i bhfeidhm pionós níos déine

ná mar a bhí i gceist tráth a rinneadh an cion.

Ar dtús, cuireann an Chúirt béim air **nach rialaíonn an Cinneadh Réime maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach** [5] **forghníomhú na mbarántas gabhála arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe tar éis dhul i léig na hidirthréimhse a shonraítear sa Chomhaontú maidir le Tarraingt Siar** [6]**. Ón dáta sin i leith, rialaítear an forghníomhú sin le CTC.** De bhun an chomhaontaithe sin, féadfaidh Ballstát diúltú do bharántas gabhála a fhorghníomhú ar fhorais a eascraíonn ón gcomhaontú sin. Sa chomhthéacs sin, i gcás ina nglacann siad cinneadh maidir le duine a thabhairt suas don Ríocht Aontaithe ar bhonn an Chomhaontaithe, ceanglaítear ar údaráis bhreithiúnacha forghníomhaithe na mBallstát a áirithiú go n-urramaítear na cearta bunúsacha a aithnítear sa Chairt.

Tugann an Chúirt dá haire i ndáil leis sin go bhfuil an córas simplithe agus éifeachtach maidir le daoine ciontaithe nó atá faoi amhras a thabhairt suas, arna leagan síos sa Chinneadh Réime maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, bunaithe ar ardleibhéal **muiníne** riachtanach **idir na Ballstát** agus **ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh**. Is 'bunchloch' an chomhair bhreithiúnaigh idir na Ballstáit in ábhair choiriúla é an prionsabal sin. Is sainghné den chaidreamh idir na Ballstáit é sin atá bunaithe ar an mbonn tuisceana bunúsach go roinneann gach Ballstát sraith **comhluachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe** leis na Ballstáit eile go léir, agus go n-aithníonn gach Ballstát go roinneann na Ballstáit eile na luachanna sin leis.

Féadfar an leibhéal muiníne sin a bhunú freisin le comhaontuithe idirnáisiúnta idir na Ballstáit agus tríú tíortha áirithe a bhfuil caidreamh speisialta acu leis an Aontas Eorpach. **Ní bhunaítear caidreamh speisialta den sórt sin idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach, áfach, go háirithe ós rud é nach bhfuil an Ríocht Aontaithe mar chuid den limistéar Eorpach gan teorainneacha inmheánacha.** Thairis sin, tá difríochtaí substaintiúla idir gnéithe áirithe den sásra um thabhairt suas dá bhforáiltear le CTC agus an sásra arna rialú ag an gCinneadh Réime a bhaineann leis an mbarántas gabhála Eorpach.

Sa chomhthéacs sin, má mhaíonn an duine atá á lorg go bhfuil riosca go sárófaí ceart bunúsach arna leagan síos sa Chairt, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach na gnéithe go léir ábhartha a scrúdú chun measúnú a dhéanamh ar staid intuartha an duine sin sa chás go dtabharfaí suas don Ríocht Aontaithe é. Ciallaíonn sé sin, murab ionann agus an scrúdú dhá chéim [7] atá le deanamh i gcomhthéacs an bharántais gabhála Eorpaigh, go bhfuil na rialacha agus na cleachtais atá i réim go ginearálta sa tír sin agus, d'éagmais chur i bhfeidhm na bprionsabal maidir le muinín agus aitheantas frithpháirteach, saintréithe staid aonair an duine sin, le cur san áireamh go comhuaineach.

Ar deireadh, maidir leis an leasú ar na rialacha maidir le scaoileadh saor coinníollach, measann an Chúirt nach mbeidh beart a bhaineann le forghníomhú pionóis ar neamhréir leis an gCairt ach amháin má fhágann sé go n-athraítear raon feidhme iarbhír an phionóis tráth a rinneadh an cion, sa chaoi go gcuirfear pionós níos déine i bhfeidhm ná an pionós a bhí i gceist ar dtús.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní thagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

[2] Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile.

[3] An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine arna leasú le Prótacail Uimh. 11 agus14, arna fhorlíonadh leis an bPrótacal Breise agus le Prótacail Uimh. 4, 6, 7, 12, 13 agus 16.

[4] An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

[5] Cinneadh Réime 2002/584 an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit, arna leasú ag Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 ('an Cinneadh Réime').

[6] An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

[7] Maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach, i gcomhthéacs na chéad chéime, a chinneadh an bhfuil gnéithe ann lena léirítear go bhfuil fíor-riosca ann go ndéanfaí sárú, sa Bhallstát eisiúna, ar cheart bunúasch ábhartha mar gheall ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe nó easnaimh a dhéanann difear, go sonrach, do ghrúpa daoine atá inaitheanta go hoibiachtúil. I gcomhthéacs an dara céim, ní mór di a fhíorú, go nithiúil agus go beacht, cá mhéad a dhéanann na heasnaimh arna sainaithint le linn na chéad chéime difear don duine ar eisíodh barántas gabhála Eorpach ina leith agus, i bhfianaise a staide pearsanta, an bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh fíor-riosca ann go sárófaí ceart bunúsach ábhartha an duine sin i gcás a thabhairt suas don Bhallstát eisiúna. Is é is cuspóir don oibleagáid chun a fhíorú an bhfuil easnaimh ghinearálaithe ann sula bhféadfar a fhíorú, go nithiúil agus go beacht, an bhfuil fíor-riosca ann go sárófaí ceart bunúsach an duine ar eisíodh barántas gabhála Eorpach ina leith, a chinntiú nach ndéanfar an fíorú sin ach i gcásanna eisceachtúla. Dá réir sin, is é sin an iarmhairt ar an toimhde go n-urramaíonn an Ballstát eisiúna cearta bunúsacha bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.